An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

Aircraft Noise Competent Authority

# Cuspóir Maolaithe Torainn le haghaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath

20ú Meitheamh 2022

# Cuspóir Maolaithe Torainn le haghaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath

## Cuspóir an Bheartais

Éifeachtaí díobhálacha fadtéarmacha ó thorann aerárthaí ar an tsláinte agus ar cháilíocht na beatha a theorannú agus a laghdú, go háirithe san oíche, mar chuid d'fhorbairt inbhuanaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath.

## Míniú ar an gCuspóir

Ba chóir torann ó Aerfort Bhaile Átha Cliath a theorannú agus a laghdú de réir phrionsabail na forbartha inbhuanaithe. Agus Aerfort Bhaile Átha Cliath ag fás, ba chóir go dtiocfadh laghdú de réir a chéile ar na héifeachtaí díobhálacha fadtéarmacha ar shláinte an duine agus ar cháilíocht na beatha le linn shaolré an Chuspóra Maolaithe Torainn seo. Úsáidfear an Cur Chuige Cothrom lena chinntiú go gcuirfear bearta i bhfeidhm chun an cuspóir sin a bhaint amach a bheidh cost-éifeachtúil, infheidhmithe agus inbhuanaithe.

## Critéir Intomhaiste

Déanfar an Cuspóir Maolaithe Torainn a thomhas, go príomha, ná féachaint trid an líon daoine a bhfuil cuir isteach go mór ar a gcodladh nó a bhíonn an-chráite, i gcomhréir leis an gcur chuige arna mholadh i dTreoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le Torann Timpeallachta, 2018, arna bhformhuiniú ag an gCoimisiún Eorpach i dTreoir 2020/367, agus neamhchosaint ar thorann ó 45 dB $L_{den}$ agus 40 dB $L_{night}$ á cur san áireamh. Úsáidtear an mhéadracht sin le cur síos a dhéanamh orthusan a gcuireann torann aerárthaí as dóibh ar bhonn leanúnach.

Cabhróidh na méadracht seo chun éifeacht an torainn aerárthaí ar an tsláinte agus ar cháilíocht na beatha a chur in iúl. Úsáidfear an méid seo a leanas chomh maith le cuidiú chun na cásanna a shainaithint ina mbíonn éifeachtaí díobhálacha i measc an phobail ina dtoradh ar an neamhchosaint ar thorann. Is é atá i gceist ná an líon daoine atá neamhchosanta ar thorann aerárthaí ar leibhéal níos airde ná:

- 55 dB $L_{night}$ (cuireann an EDS in iúl gur leibhéal neamhchosanta ar thorann san oíche é seo a bhfuil baol soiléir don tsláinte ag baint leis)
- 65 dB $L_{den}$ (nuair is féidir glacadh leis go mbeidh sciar maith díobh siúd atá ina gcónaí thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath an-chráite)

Chun an fheidhmíocht a tomhais, ba chóir samhla torainn a úsáid chun an mhéadracht sin a chur i gcrích i gcomhréir leis an modheolaíocht a thuairiscítear i dTreoir 2015/996 (Doiciméad 29 ón gComhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta (ECAC), an 4ú heagrán nó arna leasú). Úsáidfear sonraí feidhmíochta logánta torainn agus coinneála taifid ó chórais Aerfort Bhaile Átha Cliath chun samhla torainn a bhailíochtú.

Agus an líon daoine atá neamhchosanta ar thorann aerárthaí á ríomh, cuirfear san áireamh na sonraí is déanaí faoin daonra agus déanfar iad sin a mheas i gcomparáid leis an líon daoine a bhí neamhchosanta ar thorann aerárthaí in 2019.

## Torthaí Ionchais

Má fhéachtar ar chúrsaí i gcomhthéacs théarnamh Aerfort Bhaile Átha Cliath ón bpaindéim dhomhanda, meastar go dtiocfaidh méadú ar an neamhchosaint ar thorann ón aerfort go dtí 2025. Cé go meastar go mbeidh na héifeachtaí sláinte dá bharr níos ísle ná na héifeachtaí sin a bhí ann roimh an bpaindéim agus i 2018 agus 2019, ba chóir go dtiocfadh laghdú ar na héifeachtaí sin idir an meántéarma agus an fadtéarma chun cúrsaí torainn a fheabhsú thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath agus san am céanna ar bhealach a fhágfaidh gur féidir fás inbhuanaithe a bhaint amach. Tá an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí ag súil leis go mbainfear amach na torthaí seo a leanas mar thoradh ar an gCuspóir Maolaithe Torainn seo agus é ag teacht leis na bearta a thuairiscítear i gCuid 3.

Tiocfaidh laghdú ar an líon daoine a gcuirtear as go mór dá gcodladh agus a bhíonn an-chráite sa dóigh is go mbeidh an méid seo a leanas fíor i gcomparáid leis na coinníollacha a bhí ann in 2019:

- Beidh laghdú 30% in 2030 ar an líon daoine a gcuirtear as go mór dá gcodladh agus a bhíonn an-chráite i gcomparáid le 2019;
- Beidh laghdú 40% in 2035 ar an líon daoine a gcuirtear as go mór dá gcodladh agus a bhíonn an-chráite i gcomparáid le 2019;
- Beidh laghdú 50% in 2040 ar an líon daoine a gcuirtear as go mór dá gcodladh agus a bhíonn an-chráite i gcomparáid le 2019; agus
- Beidh laghdú ar an líon daoine a bheidh neamhchosanta ar thorann aerárthaí os cionn 55 dB $L_{night}$ agus 65 dB $L_{den}$ i gcomparáid le 2019.

## Monatóireacht

Chun monatóireacht a dhéanamh ar an gCuspóir Maolaithe Torainn, bainfear leas as eolas ó thuarascálacha bliantúla a ndéanfaidh an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí athbhreithniú orthu mar chuid dá oibleagáidí faoin Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019.